Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Snáitheanna Staidéir i Léann Clasaiceach na hArdteistiméireachta

## Domhan na laochra

**Saintréithe agus cineálacha laochra agus ceannairí**

1.1 Príomhthréithe, cáilíochtaí agus dearcthaí laochra, banlaochra agus ceannairí na Gréige agus na Róimhe a aithint agus anailís a dhéanamh orthu

1.2. Ábharthacht na gcineálacha éagsúla cumais (neart agus éachtaí, éirim agus scileanna briathartha) a phlé i dtaca leis na laochra Hóiméar agus Virgil

1.3. Anailís a dhéanamh ar phróiseas cinnteoireachta cheannairí eipiciúla na Gréige agus na Róimhe agus an chaoi a meánn siad a leas féin agus leas an chomharghrúpa

1.4. Tréithe laochra agus ceannairí eipiciúla a aithint a bhaineann le laochra agus ceannairí sa saol nua-aimseartha

1.5. Anailís a dhéanamh cé acu a chloíonn laochra agus banlaochra eipiciúla le noirm shóisialta agus pholaitiúla an domhain inar chónaigh siad agus an domhain a chruthaigh iad.

**Sochaí laochais**

1.6. Breac-chuntas a thabhairt ar na miotais agus ar na finscéalta atá mar bhonn agus mar thaca ag eipicí Hóiméir agus Virgil

1.7. Measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir déithe agus daoine in Hóiméar agus Virgil agus ar an tábhacht a bhaineann le hidirghabháil dhiaga agus ar ról na ndéithe agus na mbandéithe mar ráthóirí ar phríomhluachanna

1.8. Plé a dhéanamh ar an gcaoi a léiríonn Hóiméar agus Virgil tionchar an chogaidh ar na comhraiceoirí agus ar na neamhchomhraiceoirí a ndeachaigh sé i bhfeidhm orthu agus díospóireacht a dhéanamh ar an maíomh go bhféadfaí an Odaisé agus an Aeinéid a léirmhíniú mar dhánta frithchogaidh

1.9. Measúnú a dhéanamh ar a mhéid a léiríonn an léiriú ar mhná in Hóiméar agus Virgil a ról sa tsochaí stairiúil

1.10. Scrúdú criticiúil a dhéanamh ar Aeinéid Virgil mar shaothar bolscaireachta thar ceann Ágastas

1.11. Measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhain na luachanna a bhí ar taispeáint san eipic le saol laethúil na nGréagach agus na Rómhánach

1.12. Léiriú fisiúil a chruthú ar phríomhimeachtaí, plota agus láithreacha na n-eipicí a ndearnadh staidéar orthu

1.13. A léiriú le samplaí úsáid seifteanna agus teicnící fileata atá ina saintréithe d'fhilíocht eipiciúil (ar nós buafhocail agus samhlacha) agus a n-éifeachtaí a mhíniú agus conas a fhorbraíonn siad ó Hóiméar go Virgil

1.14. Scrúdú a dhéanamh ar theicnící scéalaíochta Hóiméar agus Virgil (amhail guth insinte, peirspictíocht agus claonadh, úsáid caint dhíreach, cineál-radhairc, comhdhéanamh fáinne, agus láimhseáil ama agus spáis)

1.15. Breithmheas a thabhairt ar an gcaoi a léirítear laochra agus ceannairí Hóiméir agus Virgil go fisiúil laistigh agus lasmuigh de na heipicí agus an tábhacht a bhaineann le gnéithe amhairc (amhail easchaint agus tuairiscí eile) laistigh de na heipicí

## Drámaíocht agus mórthaibhsiú

**Tragóid na Gréige**

2.1. Léiriú fisiúil a chruthú ar phlota agus struchtúr na tragóide a ndearnadh staidéar uirthi

2.2. Na croítheamaí a ndearnadh iniúchadh orthu a aithint sa tragóid Ghréagach a ndearnadh staidéar uirthi agus an chaoi arbh fhéidir gur léirigh nó gur cheistigh an dráma noirm pholaitiúla shóisialta agus (dhaonlathacha) an luchta féachana

2.3. Measúnú criticiúil a dhéanamh ar an gcaoi a gcruthaíonn an drámadóir corraitheacht, teannas agus a meallann sé freagraí mothúchánacha trí chiútaí (mar shampla íoróin dhrámatúil, catairsis, aitheantas, aisiompú, prológanna diaga agus radhairc deus ex machina

**Comhthéacs thragóid na Gréige**

2.4. Scrúdú a dhéanamh ar eispéireas an luchta féachana ar thragóid Aithneach ag smaoineamh ar dhearadh na hamharclainne agus gnéithe léiriúcháin (amhail cultacha, maisc, frapaí, aisteoirí agus curfá)

2.5. Scrúdú a dhéanamh ar fhéile reiligiúnach na nDinísias mar chomhthéacs chun tragóid Aithneach a léiriú, ag cur san áireamh a clár, a heagrúchán, a lucht féachana agus a hábharthacht pholaitiúil

2.6. Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a léirítear róil shóisialta i sochaí na Gréige trí na carachtair sa tragóid Ghréagach a ndearnadh staidéar uirthi, lena n-áirítear an Curfá

2.7. A phlé cén fáth a bhfuil amharclanna le fáil ar fud oirthear na Meánmhara agus in aice leis an domhan thoir, agus a ról mar phointí fócasacha don saol sibhialta i gcathracha Heilléanacha a mhíniú

**An Colasaem, an Circus Maximus agus an mórthaibhsiú Rómhánach**

2.8. Príomhghnéithe ailtireachta an Cholasaeim agus an Circus Maximus a aithint

2.9. Scrúdú a dhéanamh ar eispéireas an luchta féachana sa Cholasaem agus sa Circus Maximus ag smaoineamh ar an timpeallacht, na socruithe suíocháin agus na cineálacha siamsaíochta a chuir siad ar fáil

2.10. A fhiosrú cé a bhí freagrach as na struchtúir seo a mhaoiniú agus a thógáil, eagrú na n-imeachtaí laistigh díobh, agus an spreagadh a bhí acu é sin a dhéanamh

2.11. Léirthuiscint a fháil ar thábhacht na gcineálacha éagsúla foinsí scríofa agus iniúchadh á dhéanamh ar an gColasaem, an Circus Maximus agus an mórthaibhsiú Rómhánach

2.12. Comparáid a dhéanamh idir ról agus tábhacht an mhórthaibhsithe sa tsochaí Rómhánach agus ról agus tábhacht na tragóide i sochaí Aithneach agus cineálacha siamsaíochta nua-aimseartha.

## Cumhacht agus féiniúlacht

**Ré Alastair nó Chaesair**

3.1. Príomhimeachtaí stairiúla a aithint a mhúnlaigh domhan Alastair (an tréimhse Chlasaiceach dhéanach) nó Chaesar (an Phoblacht Rómhánach dhéanach)

3.2. Príomhtheannais pholaitiúla agus shóisialta a aithint sa ré inar tháinig Alastar nó Caesar i gcumhacht

3.3. Comparáid a dhéanamh idir léarscáileanna a léiríonn na hathruithe sa tíreolaíocht pholaitiúil roimh choncais Alastair nó Chaesair agus ina ndiaidh

**Gaiscí polaitiúla agus míleata Alastair nó Chaesair**

3.4. Breac-chuntas a chruthú ar shaol Alastair nó Chaesair

3.5. Príomhócáidí agus imeachtaí a scrúdú le linn fheachtas Peirseach Alastair nó feachtas Gallach Chaesair

3.6. Comhdhéanamh agus oirbheartaíocht arm Alastair nó Chaesair a phlé i bhfianaise a chuid oibríochtaí le linn mórimeacht míleata amháin ar a laghad

**Tréithriú Alastair nó Chaesair**

3.7. Scrúdú criticiúil a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar Alastar nó Caesar a thréithrithiú sna téacsanna liteartha a ndearnadh staidéar orthu

3.8. Scrúdú a dhéanamh ar ábharthacht chineál téacs na dtéacsanna liteartha a ndearnadh staidéar orthu (amhail beathaisnéis, dírbheathaisnéis, stair) maidir le tréithriú Alastair nó Chaesair

3.9. Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a roghnaíonn, a láithríonn agus a measúnaíonn téacsanna liteartha gníomhartha agus cinntí a léiríonn carachtar Alastair nó Chaesair

**Dearcthaí Alastair nó Chaesair i leith pobail eachtracha**

3.10. Comparáid a dhéanamh idir an gcaoi a gcaitheann Alastar leis na Peirsigh agus an chaoi a gcaitheann Caesar leis na Gaill

3.11. Iniúchadh a dhéanamh ar a dtugann na hidirghníomhaíochtaí a bhíonn ag Alastar leis na Peirsigh agus na hidirghníomhaíochtaí ag Caesar leis na Gaill le fios faoina n-uaillmhianta agus a noirm chultúrtha, agus an tuiscint atá acu ar an rud is 'sibhialta' nó 'barbartha' ann

## Déithe agus daoine

**Na déithe Gréagacha agus Rómhánacha**

4.1. Na déithe móra a aithint i léirithe ealaíonta ó phríomhthréithe agus buanna fisiceacha

4.2. Ainmneacha Rómhánacha na ndéithe Gréagacha a mheaitseáil lena macasamhlacha Gréagacha

4.3. Breac-chuntas a thabhairt ar phríomhréimsí na ndéithe móra agus ar a gcaidreamh lena chéile laistigh de Theampall na nDéithe

4.4. Iniúchadh a dhéanamh ar chuir chuige i leith bunús, nádúr agus cuspóir na ndéithe a mhíniú trí fhoinsí ársa

**Partanón agus Eiricteón na hAithne agus Teampall na nDéithe agus Teampall Vesta na Róimhe**

4.5. Teampaill Ghréagacha agus Rómhánacha a phlé trí úsáid a bhaint as an téarmaíocht cheart do ghnéithe ailtireachta coitianta

4.6. Anailís a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag struchtúr, dearadh agus dealbha na dteampall a ndearnadh staidéar orthu ar eispéireas an luchta freastail agus iad ag tabhairt cuairt ar an teampall

4.7. Iniúchadh a dhéanamh ar róil, dualgais agus ionchais na gcineálacha éagsúla lucht freastail agus oifigeach a bhíodh i láthair ag searmanais a bhain le gach teampall

4.8. Trácht a dhéanamh ar thábhacht pholaitiúil agus shibhialta na dteampall seo agus ar na deasghnátha a bhaineadh leo

**Cleachtais adhlactha na Gréige agus na Róimhe agus an saol eile**

4.9. Scrúdú a dhéanamh ar fhianaise ábhartha agus théacsúil a bhaineann le cleachtais adhlactha na Gréige agus na Róimhe

4.10. Príomhghnéithe shochraidí na Gréige agus na Róimhe a phlé agus a thábhachtaí a bhíodh siad do na rannpháirtithe

4.11. Measúnú a dhéanamh ar an méid a thugann cleachtais adhlactha na Gréige agus na Róimhe le tuiscint faoin gciall a bhíodh acu don saol atá le teacht

4.12. Codarsnacht a dhéanamh idir cuspóir agus nádúr na gcleachtas ársa seo agus eispéiris chomhchoiteanna agus phríobháideacha an lae inniu

**Smaointe fealsúnachta faoi bhásmhaireacht agus dea-bheatha a chaitheamh**

4.13. Scrúdú a dhéanamh ar cad is 'dea-bheatha'ann nuair a aithníonn duine nach mór glacadh leis nach bhfuil aon éalú ón mbás de réir Sócraitéas mar a léirítear i gCríotó agus Horáit Phlatóin sna hÓideanna agus sna hEapóidí

4.14. Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféachann Sócraitéas ar an gcaidreamh idir cinneadh agus freagracht an duine ar thaobh amháin agus toil dhiaga agus cinniúint ar an taobh eile mar a léirítear é i gCríotó agus Horáit Phlatóin sna hÓideanna agus sna hEapóidí

4.15. Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbaineann a dtuairimí féin faoin gciall atá le dea-bheatha a chaitheamh le smaointe Sócraitéas mar a léirítear iad i gCríotó agus Horáit Phlatóin sna hÓideanna agus sna hEapóidí

cc BY NC